snas.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ
## TEAGASC AR LÍNE

### CLEACHTAÍ CAINTE

# AG CUMADH SCÉIL I NGRÚPA

## Aidhm

Saorchleachtadh cainte.

Beidh na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpa ag cumadh scéalta faoi rudaí a aimsíonn siad sa bhaile.

## Treoir

Abair leis na foghlaimeoirí go bhfuil dhá nóiméad acu chun éirí agus dul timpeall an tí/an tseomra chun rud éigin a fháil. Abair leo a bheith cruthaitheach! D'fhéadfadh gur citeal nó sáspan a bheadh ann, péire buataisí nó mála tae. Nuair a thagann siad ar ais, caithfidh siad a bheith ag obair i ngrúpaí sna seomraí ar leithligh chun scéal a chumadh ina bhfuil na rudaí ar fad atá ag baill an ghrúpa curtha san áireamh sa scéal. Caithfidh siad ansin an scéal a chur i láthair an ghrúpa (nó má tá an rang mór, roghnaigh grúpa nó dhó chun an cur i láthair a dhéanamh).

## Forbairt / Nótaí

Más grúpa beag atá ann, is féidir an ghníomhaíocht a dhéanamh gan dul go dtí na seomraí beaga, ach moltar nach mbeadh an múinteoir páirteach.